Eagrán 52 Meitheamh 2016

# Guth Ghoill

**Luach €2**




# C.L.G. Na nDúnaibh




# Buaiteoirí Chomórtas

# Peile na Gaeltachta 2016

*Céim Aniar Teoranta, Áras Ros Goill, Na Dúnaibh, Tír Chonaill.*
Fón: 074 9154830 / Facs: 074 9154830 / Ríomhphost: ceimaniar@eircom.net

## Sliocht sleachta ar shliocht bhur sleachta




## Muintir Dhonnchaidh Chearlaí i gCluain tSaileach

Cha raibh barraíocht eolais againn ar ár nginealas go dtí gur thosaigh muid ar an turas seo. Leis an fhirinne a rá, bheadh níos lú eolais againn murach mbeadh an leagan amach a rinne Leslie Lúcás ar ghinealas mhuintir na háite. Níor tugadh go leor buíochais agus aitheantais dó ar son na hoibre seo. Is dóiche go bhfuil go leor daoine thart, creidim, go bhfuil an t-eolas seo ar bharr a dteanga acu, ach tá sé deas suí síos agus an t-ábhar a fheiceáil ar pháipéar. Bheireann sé fuinneog bheag dúinn ar ár bhféiniúlacht pearsanta agus bheireann sé dóchas agus muinín dúinn don am atá le teacht. Insíonn sé scéal an mhuintir a chuaigh romhainn dúinn fosta agus cuidíonn sé linn gan iad a ligint i ndearmad.

I dtaca le Muintir Dhonnchaidh Chearlaí de, cuireann Leislie Lúcás tús leis an scéal le Dunkie Mc Bride. Chomh fada agus is eol dom, Bridget a bhí ar a bhean ach ní fios cé hí nó cad as di.

Bhí mac acu, Chearlie, agus bhí sé pósta ar Fenny Dhomhnaill (Mc Bride 1836-1928) as Gort na Luchóg. Bhí ocht gcloigne de theaghlach acu. Is le linn a n-am sin i gCluain tSaileach a tógadh an teach atá ann anois, i 1922, agus ba é Tuathal Stiofáin (Mac an tSaoir), saor cloiche as Baile na Deora, a bhí i mbun na hoibre.

**Teaghlach Chearlie agus Fenny**

Bhí Domhnall, a rugadh in 1866, pósta ar Mháire Thomáis, aintín do Sophie Thomáis (Cullen) as Dún Dubháin, agus bhí cónaí orthu i Ros na Binne. Bhí cearthair teaghlaigh acu, Denis, Chearlie, Katie agus Máire. Bhí Katie pósta ar Phádraig Phaidí Mhór as Cluain tSaileach agus bhí dhá nighean acu, Máire agus Clair agus tá a gclanna i dTír Chonaill go fóill.

Bhí Paidí (r.1881) pósta ar Mháire John Phaidí (r.1890) as Cluain tSaileach fosta. Bhí cónaí orthu i gCionn na Leargaí agus bhí an chloigeann déag teaghlaigh acu: Johnnie, Máire, Fenny, Chearlie, Bridget, Denis, Hannah, Josie, Paidí, Domhnall agus Ellen. Bhí Denis pósta ar Mhary Cullen as Tír Lachán agus tá cónaí ar Mhary i Leargain Riach go fóill. Tá a gclann, Paidí, Máire agus Denis sna Dúnaibh i rith an ama. Bhí Ellen pósta ar John Chearlie Róise (Coyle) as Baile an Easa i gCarraig Airt agus bhí ochtar teaghlaigh acusan, Chearlie, Romey (Rosemary), Nancy, Noreen, Eileen, May, Bridget agus Francis a cailleadh i 2003. Tá an chuid is mó de shliocht an teaghlaigh sa pharóiste fosta. Bhí cónaí ar Phaidí i gCeann na Leargaí go bhfuair sé bás anuraidh. Cearrbhach a bhí ann a chuir in iúl dom i gcónaí go raibh mé muinteartha dó, agus chonaic mé go raibh sé bródúil as a dhúchas, rud nár thuig mé ag an am.

Bhí cúigear eile teaghlaigh ag Chearlie agus Fenny Dhomhnaill, Andy (r.1868), John (r.1871), Ellen (r.1873) agus an darna Ellen (r.1875) agus Bridget (r.1877) le cois m'athair mór, Donnchadh, thíos luaite. Tá sé soiléir ó seo go bhfuair an chéad Ellen bás agus go dtug siad Ellen ar an chéad ghirseach eile ach níl iomrá ar bith sa teaghlach ar caidé a tharla don chúigear seo.

**Teaghlach Dhonnchadh Shearlaí agus Ann Logue**

Pósadh Donnchadh Shearlaí (r.1864) agus Ann Logue (r.1876) as Dún Dubháin in Eanáir 1895. Micí Mhicheáil, (Mc Bride) uncail le John DhonnchaIdh Mhicheál, agus Mary Phaidí Mhór, (Friel) a bhí ina bhfianaisí acu. (Pósadh iadsan ina dhiaidh sin). Iascaireacht agus feirmeoireacht a bhí idir lámha ag Donnchadh agus bhí scar aige in dhá bhád, an Saint Mark agus an Defender, trí scéim Bhord na gCeantar Cúng. Bhí cúig cloigne déag de theaghlach acu.

Bhí Máire (r.1898) pósta ar James Hughie Bán (Mc Bride) ón Dumhaigh Mhór i bhFánaid. I ndiaidh seal a chaitheamh i gCluain tSaileach agus i nDúchoraidh, shochraigh siad i dTirhomin i mBaile na nGallóglach agus bhí beirt teaghlaigh

acu, Mary Ann, a bhí pósta ar John Kelly as Baile na Finne, agus a thóg teaghlach i nGlascú, agus Rosie, a bhí pósta ar Phaidí Nuala, (Bradley) i gCoill. Bhí Máire fiche bliain d'aois nuair a fuair a máthair, Ann Logue, bás i 1918.

Bhí Biddy (r.1900) pósta ar Mhandy Mac Rodaí ón Ard Bán. Casadh iad ar a chéile i Meiriceá agus bhí mac amháin acu, darbh ainm Jimmy. Bhí sise ocht mbliana déag nuair a fuair a máthair bás.



**Chearlie Ann le Fionola agus ag a thaobh Biddy Ann lena fear céile Mandy Mac Rodaí agus a mac Jimmy.**

Chuaigh Fenny (r.1902) go Meiriceá thart ar 1948. Tháinig sí ar thuras amháin 'na bhaile i 1958. Nuair a bhí sí anseo thit sí agus bhris sí a cos, rud a chuir os cionn mí eile lena saoire. An lá a baineadh an plástar di, thit Kitty Dhonnchadh Mhicheáil darna doras dúinn, agus bhris sí a sciathán agus bhí ag mo mháthair dul go Leitir Ceanainn go dtí an ospidéal léi. Thit an cúram orm féin amharc i ndiaidh an dochtúra a tháinig go dtí'n teach leis an phlástar a bhaint de chos Fenny, ach cha raibh mé sásta nuair a hiarradh orm fáil réitithe den phlástar. Bhí sé ina ábhar magaidh orm ina dhiaidh sin ag cuid de na comharsan. Chuir Fenny neart parcels chugainn ina dhiaidh sin agus bhain muid sult as cuid chomics Mheiriceá. Bhí sí sé bliana déag nuair a fuair a máthair bás.

Chuaigh Nancy (r.1903) ar imirce go Meiriceá agus phós sí thall ansin. Bhí sise cúig bliana déag

Pósadh Chearlie (r.1905) den chéad uair ar Susanna Cullen as Dún Dubháin i 1942 agus bhí beirt teaghlaigh acu, Denis (1944) agus Francie (1947). Fuair an bheirt acu bás seacht agus cúig mhí i ndiaidh iad a rugadh. Tá cuimhne ag Denis Dhonnchadh Mhicheáil ar an am a baisteadh



**Fenny Ann agus Gracie an Ghréasaí ag fágáil Cobh i gCorcaigh i 1958 ar a mbealach ar ais go Meiriceá.**

Francie. Sheas Francie Cullen agus a dheirfiúr Sophie a bhí pósta ar Frank 'ac Aodh as Dún Dubháin leis. Thug Ernie Mc Elhinney as an Mhachaire Bhig suas iad go Teach an Phobail agus le linn an bhaiste, thosaigh sé ag cur sneachta agus cha raibh Ernie ábalta tiomáin thar tigh Mhary Ellen Sweeny ar an Mhachaire Bhig ar a mbealach ar ais agus is ann sin a d'fhan siad. Ach tharraing Francie Cullen ar an bhaile ag siúl agus bhí aige le dhul suas ar Áilt Uí Dhiarmuda ar an Raplach mar go raibh an sneachta chomh domhain sin ar an bhealach mhór. Chonaic Denis an chuid eile den chomhluadar ag dul thar an teach leis an tachrán ar a mbealach go Dún Dubháin an lá arna mhárach. I 1949 fuair Susanna í féin bás. De réir chosúlachta, ba bhean iontach chineálta a bhí inti agus bhí losengairí i gcónaí i bpóca a haprún aici le tabhairt do pháistí na háite. I ndiaidh báis Susanna chuaigh Chearlie go Corby i Sasana chuig Domhnall, a dheartháir, agus is ann a fuair sé amach nach raibh an tsláinte go maith ag Domhnall agus chuir sé litir chuig muintir Dhonnchadh Mhicheáil faoi. I ndiaidh dó theacht ar ais d'fhan sé tigh Dhonnchadh Mhicheáil agus as sin chuaigh sé go Glinsk i bhFánaid chuig James Ann, m'athair, agus d'imigh sé go Meiriceá as sin. Pósadh den dara uair é ar Pheggy Eoin (Boyce) as Míobhuí i ndiaidh dó dhul go Meiriceá. Bhí Peggy pósta cheanna féin ar Fheargal Mhicheáil (Mc Fadden)

as Dumhaigh agus bhí girseach amháin acu, ach i ndiaidh báis do Fheargal chuaigh sí agus a nighean go Meiriceá, áit ar casadh Chearlie agus í féin ar a chéile. Bhí Chearlie trí bliana déag d'aois nuair a fuair a mháthair bás. Rugadh cúpla ina dhiaidh sin, dhá ghiseach darbh ainm Ellen agus Susan, i 1906 agus fuair siad bás i ndiaidh dhá lá dhéag.

Chuaigh Nellie (r.1908) go Meiriceá fosta agus pósadh í ar fhear darbh ainm Norman Lee. Bhí beirt teaghlaigh acu, Patsy agus Norma. Bhí sí deich mbliana d'aois nuair a fuair a máthair bás.

Sular pósadh James (r.1910), m'athair, ar Biddy John Bhiddy Boyce (r.1916) as Dún Dubháin, mo mháthair, chaith sé seal in Albain. Bhog John Bhiddy Boyce, athair mo mháthair, a theaghlach go Glinsk i bhFánaid agus is ansin a shocraigh siad síos i ndiaidh pósadh i 1945 agus rugadh mé féin agus Denis, mo dhearthháir, ann. I ndiaidh do Chearlie imeacht go Meiriceá, rinne sé suas a intinn nach raibh sé ag teacht ar ais 'na bhaile agus chuir sé scéal chuig m'athair bogadh ar ais go Cluain tSaileach agus thosaigh sé ag obair i Lag na hUillinne sa bhádchlós, áit ar fhan sé an mhórchuid dá shaol ina dhiaidh sin. Rugadh beirt eile den teaghlach, Domhnall agus Máire, ina dhiaidh sin i gCluain tSaileach. Bhí seisean ocht mbliana d'aois nuair a fuair a mháthair bás.



**James Ann agus Biddy Bhiddy Boyce, mo mháthair ina n'óige.**

Chuaigh Domhnall (r.1911) go Sasana ag obair agus é ina dhiúlach, an t-aon duine den teaghlach a chuaigh go Sasana. Tiomanaí traenach a bhí ann agus an t-aon eolas eile atá againn faoi ná go dtug Chearlie cuairt air i gCorby nuair a bhí a shláinte ag maolú thart ar 1949-50, agus fuair sé bás go gairid ina dhiaidh sin. Bhí sé thart ar dhaichead bliain d'aois. Bhí sé seacht mbliana d'aois nuair a fuair a mháthair bás agus chaith sé seal i nDún Dubhaín ag a uncail Padraig Shéamais le é a thógáil.

Bhí Pádraig (r.1912) sé bliana d'aois nuair a fuair a mháthair bás agus cuireadh é síos go Dún Dubháin chuig a uncail Padraig Shéamais le é a thógáil fosta. Phós sé Mháire Marley as Doire a' Chasain i 1942. Bhog siad go Baile an tSléibhe i 1952 agus bhog siad ar ais go Doire a' Chasain i 1959. Bhí cearthar teaghlaigh acu, Patrick, Anita, Denis agus Eileen. Chaith Padraig seal san arm agus d'oibrigh sé sna tolláin in Albain fosta agus chaith sé cúpla bliain sa bhádchlós sular ndeachaigh sé amach ar phinsean. Cailleadh Denis, mac leo, san Astráil sa bhliain 2008 áit a bhfuil a chlann ina gcónaí go fóill.



**An Crann Ginealaigh**



Sula

**Eoin Ann agus a bhean Teresina Brattesani ar lá a bpósta.**

ndeachaigh Eoin (r.1913) go hAlbain, thóg sé an scioból, ag tóin an tseantí a bhí ann, le clocha a bhain sé ar an Ghlíob. Leagadh an seanteach ceann tuí ina dhiaidh sin. Chaith sé tamall ag obair in Albain sular casadh a bhean céile air ag an Aifreann Domhnach amháin. Ba ón Iodáil í agus a teaghlach agus bhí cúpla siopa acu. Nuair a bhí sé le pósadh, chuir sé scéal ’na bhaile fá choinne a theastas baiste agus cuireadh teastas a dheartháir John, a bhí trí bliana níos óige ná é, anonn chuige trí dhearmad. Cha raibh eolas ceart ag a theaghlach ar a aois go dtí le gairid. Thóg sé teaghlach agus d’oibrigh sé sa tsiopa a bhí acu go bhfuair sé bás. Bhí Eoin cúig bliain d’aois nuair a fuair a mháthair bás.

Chaith Denis (r.1915) seal in Albain áit ar phós sé Bridget Mc Fadden as Achadh an Leataoibh (Aghalatty) i gCarraig Airt, agus chuaigh an bheirt acu ar imirce go dtí an Astráil, áit a thóg siad triúr teaghlaigh. Tá an bheirt ar shlí na firinne anois agus tá a sliocht ansin go fóill. Bhí Denis trí bliana d’aois nuair a fuair a mháthair bás.

Rugadh John i 1916 agus fuair sé bás i 1920 agus é ceithre bliana d’aois. Bhí sé dhá bhliain d’aois nuair a fuair a máthair bás. Dúradh go bhfuair sé bás le briseadh croí.

Rugadh cailín eile 1918 ach fuair sí bás i ndiaidh an bhreith. Níor tugadh ainm ar bith di, rud a ba mhaith leis an teaghlach a chur ina cheart.

Deich lá i ndiaidh báis an chailín seo, fuair Ann, an mháthair, í féin bás. Bhí sí 42 bliain d’aois. Bhí sí féin agus Donnchadh Chearlie pósta le trí bliana agus fiche.

Bhí bás Ann ina thragóid uafásach do Dhonnchadh Chearlie agus a theaghlach. Nuair a bhí an teaghlach sean go leor lean siad na mílte eile ar imirce, cúigear go Meiriceá, duine amháin go dtí an Astráil, duine go hAlbain agus duine go Sasana. De réir chosúlachta, bhí saol maith acu sin uilig. Tháinig Fenny ’na bhaile uair amháin agus thug Eoin a aghaidh anseo dhá uair. Caithfidh go raibh sé doiligh acu amharc siar agus machnamh agus meabhrú a dhéanamh ar a saol, saol a raibh buairt agus suairc ag baint leis.

Cailleadh Denis, mo dheartháir, i ndiaidh na Nollag anuraidh. Ba é an duine deireanach de mhuintir Dhonnchadh Chearlie a thóg teaghlach sa bhaile i gCluain tSaileach go dtí seo. Amach anseo, le cuidiú Dé, tógfar tuilleadh teaghlaigh sa teach agus beidh siad bródúil as oidhreacht uasal Ros Goill a tugadh dóibh cosúil le, mar a thuigim anois, a chonaic mé i súile Phaidí Fenny na laethanta úd. Go maire sliocht a sleachta ar feadh i bhfad. M’oidhreacht? Mo theanga

Mo bhuíochas. Fia Ann

Feabhra 2016

**Sláinte go saol agat,**

**Bean ar do mhian agat.**

**Leanbh gach bliain agat,**

**is solas na bhflaitheas tar éis an tsaoil seo agat.**



## An tEaspag Pilib Ó Buaidhe.

Tá Iubhaile Órga na Sagartachta a cheiliúradh ag An Easpag Pilib Ó Buaidhe i mbliana. Déanaimis comhghairdeas leis as an turas fada a chur sé de ó Scoil Náisiúnta Dhoire Chasáin go dtí Contae Chorcaí ar dtús, ansin go Contae na Gaillimhe, ar aghaidh chun na Róimhe agus faoi dheireadh ar ais go Tír Chonaill mar easpag sa bhliain 1995.

Rugadh é ar an 25 Eanáir, 1940 agus tá cuimhne mhaith ag muintir na háite ar a thuismitheoirí, Joe agus Bridget Boyce, trócaire Dé ar a n-anamnacha. Bhí siopa acu thuas ag barr na céidhe, an áit a bhfuil oifigí Chomhlacht Iascaireachta Mhic Giolla Bhríde faoi láthair. Ba bhreá an siopa a bhí acu agus bhi gnó beag cniotála rathúil á reáchtáil ag Bridget ann fosta. D'fhreastail sé ar Scoil Náisiúnta Dhoire Chasáin a bhí faoi stiúir an Máistir Jack Mac Pháidín agus áit inár theagasc Mícheál Mac Aoidh agus Bella Nic Pháidín fosta, múinteoirí atá anois ar shlua na marbh, trócaire Dé orthu.

Lean sé lena chuid oideachais i gColáiste Bhaile na Martra i gcontae Chorcaí ón bhliain 1953 go 1958, áit ar mhothaigh sé glaoch na sagartachta. Le linn laetha saoire an tSamhraidh agus é ag fáil réidh le dul 'na choláiste, casadh sagart Cairmeilíteach air, an tAthair Mícheál De Brún, a bhí ag tabhairt cuairt 'na bhaile é fhéin go Carraig Airt. Tharla comhrá idir an bheirt acu agus de réir cosúlachta, chuir sé comhairle ar an diúlach óg a dhul isteach sna Cairmeilítigh, rud a rinne sé.

Chuaigh sé ar aghaidh go nóibhíseacht na gCairmeilíteach i mBaile Locha Riach, Contae na Gaillimhe. Chríochnaigh sé a chuid staidéar fealsúnachta i mBaile Átha Cliath sa bhliain 1962. A s sin chuaigh sé ar aghaidh go dtí an Teresianum sa Róimh le tús a chur lena chuid staidéar diagachta. Chaith sé na blianta fada ag staidéar sa Róimh agus ghnóthaigh sé dochtúireacht sa bhliain 1977 le tráchtas ar spioradáltacht an Chairdinéil John Henry Newman. Bhí sé chun ocht mbliana déag eile a chaitheamh i bpríomh-chathair na hIodáile, áit mhór léinn, áit ina raibh sé ar a sháimhín só mar gur fear léinn a bhí ann.

Ach, toil Dé go ndéantar, fuair sé scairt nach raibh sé ag dréim leis i lár na bliana 1995, ag tairiscint post dó mar Easpag ar Dheoise Ráth Bhoth. Tharla seo de bharr go raibh an tEaspag Edward Daly i ndiaidh éirí as a phost mar Easpag Dhoire agus ceapadh An Dochtúir Sár-Oirmhinneach Séamus Ó hEigeartaigh, a bhí ina Easpag ar Ráth Bhoth, ina áit. Oirníodh mar easpag Ráth Bhoth é ar an chéad lá de Dheireadh Fómhair 1995. Chuir imeacht an Phápa Benedict XVI iontas air agus leoga bhí sé buartha faoi ach thuig sé nach raibh an tsláinte rómhaith aige sa deireadh. Bhí lúcháir an domhain air nuair a toghadh an Pápa Proinnsias agus deir sé gur fear umhal agus duine fiúntach é le bheith mar cheannaire ar Chaitlicigh an domhain.

Tá corradh le bliain is fiche curtha isteach aige mar cheannaire na deoise seo agus leoga cé go raibh farraige chúrsaí an tsaoil socair go leor an chuid ba mhó den am ní raibh sé gan a bheith corrach in amanna ach oiread. Mar sin, tá a luach saothair tuillte go maith aige i bhfoirm síochána agus só, chun dul i ngleic leis an staidéar agus leis an léann is ansa leis.

Anois agus aois na cúig bliana déag agus trí scór bainte amach aige, tá an aois sroichte aige chun éirí as a phost ach in ainneoin seo, ní bheidh sé ábalta dul go cionn tamaill eile mar caithfidh sé fanacht ar scéala ón Róimh agus ní róghasta a dhéantar rudaí i gCathair na Vatacáine.




**B'fhéidir go bhfeicfeadh lucht na súl géar an tEaspag a bhí le theacht sa tríú ró?**

**Tá ainmneacha na bpáistí eile uilig le fáil thíos.**



__*An líne tosaigh, clé go deas:*__

*Cathal Mac Giolla Bhríde (Charlie Lynagh), Seán Mac Giolla Cheara (John Mharie), Pádraig Ó Brodalaigh (Pádraig Andy Bhodaigh) Éamon Mac Giolla Bhríde (Eddie Dhonnchaidh Jimmy),Pádraig Ó Gallchóir (Paddy Simon), Seosamh Ó Buadhaigh (Joseph Boyce), Seosamh Ó Gallchóir (Josie Jimmy Mhicí), Donnchadh Mac Giolla Bhríde (Dennis Danny), Cathal Mac Giolla Chara (Charlie Bhrianaí), Seán Mac Pháidín (John Mhicí Mhícheáil).*

__*An dara líne:*__

*Seán Ó Buadhaigh (John Ned),Mícheál Mac Fhionnghaile (Micí Mháire), Mícheál Mac Laifeartaigh (Micí Mharcuis), Síle Ní Ghallchóir ( Síle Mhicí Ned Ruairí), Mairéad Nic Ruairí (Peggy Sheimí), Máire Nic Pháidín (Máire Rua Mhícheáil), Maureen Ní Bhuaidhigh (Maureen Boyce), Cristín Ní Chearoláin (Christine Carolan), Áine Nic Ruairí (Nancy Shéimí), Pádraigín Nic Giolla Bhríde (Patsy Danny), Sadhbha Nic Giolla Bhríde (Dody Mhicí Sophie), Bríd Nic Giolla Bhríde (Bríd Mhicí Sophie), Máire Áine Nic Giolla Bhríde (Mary Ann Faoin Bhinn).*

__*An tríú líne, clé go deas:*__

*Máire S. Nic Giolla Bhríde (Máire Dhónaill Beag), Máire Nic Rodaigh , Máire Nic Giolla Bhríde (Mary Danny), Bríd Nic Pháidín (Bríd Mhicí Mhícheáil), Cáit Nic Rodaigh (Katie Nic Rodaigh), Éamon Mac Giolla Bhríde (Ned Mhánuis), Muiris Mac Aodha (Muiris'ac Aodh), Philip Ó Buadhaigh (Philip Boyce – Easbog), Máire Nic an tSasanaigh (Mary Mc Atasney), Eibhlín Ní Oireachtaigh (Nelly Bhrianaí) Sorcha Ní Chathasaigh (Sarah Casey), Áine Nic an tSasanaigh (Ánnie Mc Atasney), Finola Nic Pháidín (Finola Hiúdaí).*

__*An líne cúil:*__

*Seosamh Ó Cuinn (Joe Quinn), Séamus Mac Ruairí (Jimmy Rodgers – Ceannaire), Séamus Ó Óireachtaigh (Jimmy Bhrianaí), Máire Nic Ruairí (Máire Shéimí), Damhnait Nic Pháidín (Dympna Hiudaí), Anton Mac Giolla Bhríde (Anton Mhicí), Séamus Ó Siadhail (Jimmy John Pháidí), Seoirse Ó Dochartaigh (George Doherty), Seán Mac Pháidín (Jack – Oide Scoile).*

***As Láthair an lá sin mar go bhfuair a máthair mór bás – Máire, Nóra agus Philomena Nic Fhionnghaile.***

Cé gur osclaíodh séipéal Naomh Eoin Baiste sa bhliain 1886, chuaigh roinnt blianta thart sular tógadh struchtúr a chuirfeadh cóiríocht ar fáil don chlog mhór a fhógródh Fáilte an Aingil dhá uair sa lá. Ach sa deireadh thiar thall, tháinig an clog agus ba é an Cairdinéal Ó Luodhóg é féin a bheannaigh é ar an 11 Meitheamh 1893.Agus é ag ceiliúradh an Aifrinn ina pharóiste féin, mheas an tEaspag Ó Buaidhe go mbeadh sé fóirsteanach an clog a athbheannú i mbliana, rud a rinne sé ar an 24 Meitheamh 2016 agus seo grianghraif agus cuimhneachán den ócáid.

# Comórtas Peile na Gaeltachta 2016.

Ní raibh mórán áidh ar na Conallaigh nuair a thug siad faoin aistear clúiteach, contúirteach, maslach, dó-chreidte sin ó dheas go Cionn tSáile i gCorcaigh i ndúlaíocht an gheimhridh i 1603 faoina gceannaire Aodh Rua Ó Dónaill ach tá lúcháir orm a rá nárbh amhlaidh an scéal do laochra Ros Goill sa bhliain 2016. Mar chuaigh siad síos go Baile Mhúirne agus bhuail siad a raibh rófa gur bhuaigh siad Comórtas Peile Náisiúnta Sóisearach na Gaeltachta!

B'éigean dófa dhá chluiche a imirt ar an Satharn, 4 Meitheamh. Ar maidin Dé Satharn b'iad Cill Chomáin, curaidh Mhaigh Eó a bhí ina mbealach agus bhí lámh in uachtar ag foireann na nDúnaibh leis an scór 3-12 in aghaidh 2-5. Ba iad Lorcán Ó Conchúir, (2-3), Séamus Mac Giolla Bhríde, (1-1),Gary Bán Mac Laifeartaigh, (0-3), Shéa Ó Cóill, (0-2) aus Finghín Mac Laifeartaigh, (0-1) na scórálaithe.

Ansin bhí orthu páirc na himeartha a bhaint amach arís tráthnóna chun aghaidh a thabhairt ar churaidh shóisearach chontae Chorcaí, Cill na Martra. Ba mhór an faoiseamh é don fhoireann nár chuir muintir Chorcaí mórán dúshláin rófa agus bhain siad an cluiche go héascaí leis an scór 3-13 in aghaidh 0-5. Ba iad Séamus Mac Giolla Bhríde,(1-1),Cóilín Ó Gallachóir, (1-1), Óisín Ó Buaidhe, (1-0), Lorcán Ó Conchúir, (0-3), Gary Bán Mac Laifeartaigh, (0-2), Ben Mac Giolla Bhríde, (0-2), Dónal Mac Giolla Bhríde, (0-2), Shéa Ó Cóill, (0-1) agus Alan Pasoma, (0-1) na scórálaithe.

Faoin am seo, bhí an teannas ag éirí níos láidre mar bhí a fhios ag na himreoirí agus ag an lucht bainistíochta go raibh bac agus constaic ollmhór sa chosán i bhfoirm laochra Chontae Chiarraí, Lios Póil. Bhí an scéal amuigh go raibh tréan iarrachta a dhéanamh ag muintir Chiarraí i mbliana leis an chorn a choinneáil i gcúige Mumhan agus go mbeadh sé ina bhuille sa tsoc dá gcomharsain i gcontae Chorcaí é fosta an duais a sciobadh leofa faoina sróna.

Ba léir gurbh fhíor dóibh na ráflaí mar i ndiaidh deich mbomaite bhí 1-3 ar chlár na scór ag na Ciarraígh agus gan ach pointe ag na Conallaigh. Chuaigh rudaí chun olcais i ndiaidh fiche bomaite nuair a chuaigh muid ocht pointe chun deiridh leis an scór 1-8 in aghaidh trí phointe. Ach nuair a chuir Lorcan Ó Conchúir an liathróid san eangach agus ansin dhá phointe an duine ó Chóilín Ó Gallachóir agus ó Ghary Bán Mac Laifeartaigh agus pointe ó Shéa Ó Cóill cha raibh cuma ró-olc ar an scéal nuair a séideadh feadóg do leath-ama, 1-9 in aghaidh 1-6 na nDúnaibh. Ocht mbomaite isteach sa dara leath bhí na foirne ar chomhscór agus le 1-1 ó Shéamus Mac Giolla Bhríde, 0-3 ó Ghary Bán, 0-2 ó Chóilín Ó Gallchóir, tharraing fir Ros Goill ar shiúl sa deireadh agus bhí an lá leofa leis an scór 2-12 in aghaidh 2-10.

Anois bhí brú ag teacht ar an fhoireann, an ceathrú cluiche taobh istigh de thrí lá le himirt acu. Níorbh é sin an t-aon rud a bhí ag cur as dóibh: Bhí meáchan agus ualach agus tnúth na staire ag titim anuas ar a nguailne. Cé mhéad uair a chuala siad fá fhoireann 1981 agus an t-éacht a rinne siad thiar i gCois Fharraige Chonamara? Agus arís in 1982 agus 1983. An mbeadh siad ábalta bearna 34 bliain a dhruid? B'fhoireann Rinn Mhaoile ó Chonamara na Gaillimhe, bród an Iarthair, a sheas ina gcosán an t-am seo. Cluiche teann a bhí ann, gan fonn ar cheachtar foireann an fód a ghéilleadh agus i ndiaidh bomaite is fiche bhí siad ar chomhscór, trí phointe an taobh, agus bhí siad ar chomhscór arís i ndiaidh leathuaire, cúig phointe an taobh. Ach nuair a líon Lorcan Ó Conchúir an eangach arís roimh leath-ama, d'fhág sin muid chun tosaigh le



cúl agus nuair a bháigh fear a raibh dúil mhór ag a theaghlach sna heangacha, Gary Bán, an liathróid i gcoirnéal na heangaí don dara cúl do na Dúnaibh bhí an lá linn. I ndiaidh cluiche breá cruaidh sheas an scór ag deireadh, Na Dúnaibh 2-9 Rinn Mhaoile 0-12. B' iad Lorcán Ó Conchúir, (1-4), Gary Bán Mac Laifeartaigh, (1-2), Cóilín Ó Gallachóir,(0-1), Shéa Ó Cóil, (0-1) agus Alan Pasoma, (0-1) na scórálaithe.

Moladh mór tuillte ag an fhoireann ar fad agus dar

ndóigh ag an bhainisteoir Aindrias Ó Conchúr a chur an oiread sin oibre isteach san fhoireann don chomórtas seo. Muna mbeadh an obair déanta níl dóigh ar bith a mbeadh siad ábalta taispeántais peile chomh maith sin a thabhairt i gceithre chluiche taobh istigh de thrí lá. Éacht gan amhras.

B'iad seo na peileadóiri a thug an Corn Sóisir leo as Baile Bhúirne: P.Mac Rodaigh, Max Mac Dáibhis, D. Mac Aodha,B Ó Treartaigh, S. Mac Giolla Chóill, B. Mac Fhionlaoich, C. Ó Dochartaigh, S Mac Giolla Bhríde, S L Mac Giolla Bhríde, A Pasoma, O. Ó Buaidhe, M. Ó Brollacháin, B. Mac Giolla Bhríde, C. Ó Gallchóir, C. Mac Aoidh, G B Mac Laifeartaigh, L Ó Conchúir, S Mac Rodaigh, F. Mac Laifeartaigh, S. Ó Buaidhe, M Mac Lochlainn, D.Mac Giolla Bhríde, S. Mac Laifeartaigh, S Mac Fhionnlaoich, S.Ó Gallchóir, B. Mac Nuadhat, D Mac Pháidín, N. Ó Cuilinn.

Ba mhór, b'fhada agus b'ard an ceiliúradh, an clabhsúr agus an comóradh a rinneadh nuair a shéid an fheadóg dheireanach sa chluiche ceannais. Bhí bearna mór na mblianta líonta acu. B'aoibhinn agus ba mhilis an bomaite é, go háirithe i ndiaidh díoma na bliana anuraidh áit ar buaileadh iad sa chluiche ceannais. Ní turas fada, leadránach 'na bhaile é, ní ba mhó. Bheadh caibidil úr le scríobh in annála an fhó-chumainn. Bheadh na slóite le fanacht leo. Bheadh ceol agus craic go maidin. Agus bhí.

Nuair a tharraing an bus isteach go Leitir Ceannain bhí marcshlua de charranaí ag feitheamh leo. Ba challánach agus ba ghleomhar an turas a rinne siad chun an bhaile. Chuaigh siad thart agus fríd agus thart arís ar Bhaile na nGallóglach agus cha raibh duine ó Ghort Macalla go Mount Marian nár mhuscail siad le treise a mbúire! Sa deireadh thiar thall, bhain siad ceann scríbe amach le carnáin mhóra de thinte cnáimh ag splancadh ag achan chrosbhealach sa pharóiste agus slabhra mór fada de ghluaisteáin le soilse splancarnacha agus adharca na gcarr agus bonnáin (sirens) na bhfeithiclí ag scréacháil.

Tharraing siad isteach ag Óstán na Trá agus thuirling an fhoireann den bhus agus shiúil siad go cathréimeach fhad le lár an bhaile leis an chorn ina nglaic leo. Arís, b'fhada, b'ard agus ba dhomhain san oíche a mhair an ceiliúradh, an clabhsúr agus an comóradh agus leoga bhí athcheiliúradh lá arna mhárach a mhair fada go leor gan stad, gan staonadh. Agus cad chuige nach ndéanfadh? Nach raibh a gcuid fhéin den stair scríofa acu agus súil ag achan duine nach mbeidh bearna chomh fada sin le líonadh choíche arís.

An Amy Jane 11




**Ceiliúradh!**



**Seo grúpa na seanóirí !**

# Campa Samhraidh Gaeilge

# Chéim Aniar 2016

Ar an Trá
Go minic sa samhradh
Caithim an lá
in aice na farraige
Thíos ar an trá
Snámhaim san uisce
Bailím sliogáin
Ach is fearr liom ar fad,
Bheith ag tógáil caisleán!




T-léine ghainimh galánta!








Bhí na páistí gnóthach ar an trá i mbliana.





Tír na nÓg 1





An grúpa meánaosta !





Tír na nÓg 2

**Déanamh Poitín i nDún na nGall sa chéad leath den 19ú aois.**

**Tábhacht an Photín i Saol na nDaoine.**

Bhí stiléirí poitín thar a bheith tábhachtach do shaol sóisialta na tuaithe mar gurb iad a chur poitín ar fáil do bhainiseacha, do thithe faire, do thórraimh, d'fhéilte, agus ar ócáidí macasamhail ócáidí imirce. Bhí an poitín lárnach i saol na ndaoine agus é cuid mhaith ní ba saoire ná mar bhí an t-uisce beatha dleathach, agus bhí seo tábhachtach do phobal a bhí beo ón lámh go dtí an béal. Níl dóigh ar bith a mhairfeadh déanamh poitín chomh fada agus a rinne sé muna mbeadh an pobal taobh thiar de agus is cinnte go raibh rud éigin macasamhail 'omerta' i bhfeidhm sa phobal nuair a bhí déanamh poitín i gceist. Ach ní hionann sin agus a rá nár sceitheadh eolas ó am go chéile ar lucht an phoitín, is cinnte go ndearnadh, ach bhí fir faire go minic mar pháirt d'fhoireann lucht an phoitín agus chomh luath agus a d'fheicfí éideadh an tsaighdiúra nó an phóilín a nochtú féin bhíodh an scéala amuigh agus daoine ag rith.

Agus dar ndóigh an ghné ba thábhachtaí de dhéanamh poitín ó thaobh na ndaoine de, bfhéidir, ná gur chuidigh déanamh poitín le daoine a bhí ar an ghannchuid a gcuid fiacha a íoc. Bhí pingin le déanamh ag cuid mhaith daoine as tionscal an phoitín. Bhí eorna le ceannacht ó na feirmeoirí, bhí muileann a dhíth leis an bhraich a mheilt, bhí fir faire riachtanach agus bhí daoine a dhíth leis an phoitín a iompar go dtí cibé áit a raibh sé le díol. Chuaigh airgead an phoitín timpeall agus chuidigh sé fosta le tionóntaithe beaga a bhí faoi ualach an anáis a gcuid cíosa a íoc agus de thairbhe seo rinne tiarnaí talaimh neamhaird do dhéanamh poitín a bhí ag dul ar aghaidh go forleathan ag a gcuid tionóntaie

**Déanamh Poitín i nDún na nGall.**

Níl amhras ar bith ná go raibh Co. Dhún na nGall ar cheann de na conntaethe ba mhó in Éirinn do dhéanamh poitín, go háirithe sa naoú céad déag. Agus maidir le Dún na nGall de bhí an poitín a dhéanamh go forleathan in Inis Eoghain, Fanáid, Ros Goill agus in Iar-Thuaisceart agus in Iarthar an Chontae. Seo alt as litir a chur Eneas Coffey, Cigire Ginearálta Máil (Excise Inspector) chuig fear darbh ainm Charles S. Hawthorne

(Further Papers relating to Illicit Distillation. Custom House, Dublin, April 20th 1819).

''In some of the mountainous counties of Ireland, but particularly in the county of Donegal, illicit distillation has been carried on from time immemorial and has been the principal occupation of almost the whole population for several generations. The suppression of a practice so general and so ancient must be considered as little short of a complete revolution in the habits and manners of the people and it cannot be expected that any law, however vigorous, will effect such a change, either suddenly or without exciting much clamour'. Maidir leis an chontae seo níl amhras ar bith ná go raibh ceantar Inis Eoghain ar shiúl 'un tosaigh ar achan cheantar eile agus go raibh sé mar chúis mhór achrainn ar fud na leithinise. Dúirt James Mc Parland in 'Statistical Survey of Donegal 1801': 'In Inishowen every grain of barley is converted into whiskey............' Deir Manning ina aiste 'Donegal Poitín': ''............ in 1806 it was estimated that 1,300 of the 3,000 illicit stills operating in Ireland in the Summer of that year were located in Inishowen'.

**Córas Fineála.**

Bhí córas úr maidir le fineálacha i bhfeidhm ag tús an naoú céad déag áit a ngearrfaí fineál ar an bhaile fearainn ina bhfaighfí trealamh (equipment) ar bith a bhainfeadh le déanamh poitín ina luí ann, ba chuma cad é chomh beag ná chomh mór agus a bhí an píosa trealaimh. 'Séard a bhí i gceist le seo ná go mbeadh ar achan theaghlach a bhí beo ar an bhaile fearainn sciar den fhineál, a ghearrfaí ar an bhaile fearainn, a íoc. Tharraing an córas fineála seo anás go leor ar dhaoine nach raibh acu ach an beagán ar aon nós, rud a d'fhág nach raibh na daoine ábalta a gcuid cíosa a íoc in amanna. Chuir seo isteach ar ioncam na dtiarnaí talaimh fosta agus de thairbhe seo bhí a mbunús in éadan an chórais.

I bhfianaise a thug Arthur Chichester MP don roghchoiste (Select Committee de chuid Theach na Pairliminte) a cuireadh ar bun le fiosrúchán a dhéanamh maidir leis na cúiseanna go raibh driogaireacht mhídhleathach (déanamh poitín) chomh forleathan sin in Éirinn, ba seo fear a raibh talamh aige in Inis Eoghain, dúirt sé nár shíl sé gur córas maith a bhí sa chóras fineála a bhí i réim. Mheas Chichester go raibh ar dhaoine nach raibh ciontach as coir ar bith íoc as cuid coireanna dhaoine eile, '............ because it involves innocence in the same penalty with crime, it involves the innocent in the same punishment with the guilty'. Agus : 'I know that very considerable misery has been complained of, in consequence of the cattle of innocent people being carried off the townlands for the purpose of levying the amount of fines'. Cha raibh mórán maoine ag daoine, bhfhéidir bó agus cúpla caoire. Ach dá ngearrfaí fineál ar an bhaile fearainn d'fhéadfadh siad cibé a bhí acu a chailleadh agus gan iad ciontach as aon choir. Cuireadh deireadh leis an chóras seo i ndiaidh trí nó ceithre bliana.

**Fíneálacha a cuireadh ar Chontae Dhún na nGall i gcomparáid leis an tír iomlán 1814—1818.**

| Bliain | Éirinn | Dún na nGall | % den tír iomlán |
|---|---|---|---|
| 1814 | 3,554 | 727 | 20.45% |
| 1815 | 3,153 | 961 | 30.47% |
| 1816 | 2,389 | 729 | 30.51% |
| 1817 | 1,212 | 619 | 51.07% |
| 1818 | 1,192 | 530 | 44.46% |

Bhí na figiúirí seo sa litir a chur Eneas Coffey, a bhí ina Chigire Ginearálta Máil, chuig Charles S. Hawthorne. Thaispeán an tábla na fíneálacha a gearradh ar na conntaethe uilig le linn na mblianta seo agus is cinnte go raibh Dún na nGall ar bharr an liosta, rud a bhéarann le fios go raibh déanamh póitín go forleathan ar fud

na Contae. Taispeánann an tábla seo gur gearradh, ar an mheán, le linn na gceithre bliana sin, 31% de fhíneálacha na tíre i gCo Dhún na nGall.Bhí líon ard den saghas seo príosúnach i bpríosún Leifear i gCo Dhún na nGall, **19.38%.**

**Ceantar Ros Goill.**

| | |
|---|---|
| Aontroim 11 | Luimneach (Cathair) 1 |
| Ard Mhacha 1 | Luimneach ( Contae) 7 |
| Cara Droime Rúise 29 | Doire 10 |
| Caisleán an Bharraigh 51 | Longfort 15 |
| An Chabhán 9 | Maryborough 2 |
| Cluain Meala 2 | Muineacháin 13 |
| Dún Geanainn 4 | Aonach Urmhumhan 6 |
| Inis 22 | An Óghmaigh 47 |
| Inis Ceithleann 5 | Roscomáin 19 |
| Gaillimh (Contae) 15 | Sligeach 15 |
| Gaillimh ( Cathair) 1 | Tullach Mór 1 |
| Leifear 69 | **Iomlán 356** |

Maidir leis na leithinisí eile a bhí luaite go mór le déanamh poitín bhí an méid seo scríofa san 'Ordnance Survey Memoirs.' Faoin teideal 'Illicit Distillation' dúradh faoi leithinis Fhánada: 'But the great source of disorder and distress is the practice of illicit distillation, which is carried on in every part of this parish. Could it be totally suppressed and a market opened for barley and other grain, the condition of the people would be greatly improved'. Agus maidir le leithinis Ros Goill faoin teideal 'Habits of the People' dúradh: ' .................. addicted to the use of spiritous liquors, both men and women, owing no doubt to the quantity of illicit spirits made in this parish, its bane and destruction'.

Cha dtiocfaí a rá go raibh na cuntais seo a chuir an dá leifteanant sna Royal Engineers Willaim Lancey agus W.Delves Broughton le chéile ar dhóigh ar bith claonta mar nach ndearna na fir seo ach cur síos a dhéanamh ar an saol a chonaic siad os a gcomhair. Seo go díreach mar a chonaic siadsan an tionchar a bhí ag déanamh poitín ar staid na ndaoine sna ceantracha seo agus caithfear admháil nach deathionchar a bhí ann, go raibh cuid mhór poitín a ól agus go raibh sé ag cur na ndaoine ar bhealach a n-aimhleasa. Ach,dar ndóigh, bhí scéal agus saol taobh thiar den méid a chonaic na fir seo. Luaigh siad sa chuntas céanna go raibh na daoine falsa ach muna mbeadh eolas de chineál éigin ag duine ar an cheantar is dócha go nglacfadh sé leis an ráiteas seo. Ach caithfear a chur san áireamh go raibh 6,000 duine (1,800 inniu) beo i bparóiste Ros Goill sna blianta sin roimh an ghorta, agus is beo bocht a bhí siad, iad caillte in anás agus i mbochtaineacht. Cha raibh obair de chineál ar bith le déanamh acu, taobh amuigh de dhul amach ina gcuid currach agus beagán iascaireachta a dhéanamh agus cha dtiocfaí seo a dhéanamh achan lá ceal cúrsaí aimsire, nó a bheith ag tochailt fríd chreagacha agus screabáin le toradh éigin a fháil as talamh lom rite. Muna bhfuil obair le déanamh ag daoine is cinnte go n-amharcann siad falsa, go háirithe 6,000 duine i gceantar chomh cúng. Lena chois sin, de thairbhe an drochshaoil a raibh orthu a bheith ag streachailt ann thit siad go minic isteach i saol an dorchadais agus d'fhéadfaí a rá, cé nár leigheas a bhí sa phoitín dóibh go fadtéarma ach a mhalairt, gur chuidigh an poitín leo dearmad a dhéanamh den saol dorcha ina raibh siad agus faoiseamh a thabhairt dóibh ar feadh sealanna gearra.

**Stil Phóitín**



Seo alt a bhí i bPáipéirí Theach na dTeachtaí a bhain leis an driogaireacht mhídhleathach ( déanamh poitín) i gceantar Ros Goill. Cuntas a bhí ann ó Aibreán na bliana 1819 ó Chigire Ginearálta eile de chuid na Máile darbh ainm Daniel Logue. ........... On my arrival in this district I found that illicit distillation was carried on to a great extent in the barony of Kilmacrennan.... particularly in the parishes of Clondavadock, otherwise Fanad, Meevagh alias Ros Goill and Conwall alias Glenswilly.

In one parish alone there were upwards of 130 stills at work on the first of January last, eighty of them were in lower Ros Goill, which appeared by the private communication ( to the Board) of a gentleman in that parish. ( Bhí spiairí i gcónaí inár measc) When the Revenue Police were established in February I placed a party at Rosnakill, in the centre of the parish of Clondavodock, and another at Carrigart in the parish of Meevagh.(Ros Goill). With their aid and the parties stationed at Letterkenny and Ramelton, I was enabled to levy £261 19s in ten townlands in this barony which has produced the best effects in Fanad, Ros Goill and Glenswilly............ in Ros Goill and Fanad there is very little distillation at present..............'

Más fíor an méid a bhí le rá ag Daniel Logue agus nach raibh ach an beagán stiléireachta mhídhleathach ag tarlú i Ros Goill agus ar leithinis Fhánada i Mí Aibreán 1819 d'athraigh an scéal go mór nuair a chuirtear san áireamh an méid a bhí le rá sna cuntais a tugadh san 'Ordnance Survey Memoirs'. Deir Logue go raibh 130 stil faoi lán seoil i bParóiste Ros Goill, sílim fhéin go mbeadh sé deacair iad seo ar fad a fhágáil díomhaoin i dtréimhse ceithre mhí.

Ach cibé mar tharla sé is cosúil go raibh tionchar de chineál éigin aige ar an cheantar mar gur thosaigh cuid de na stiléirí a thabhairt isteach cuid den trealamh a bhain le déanamh poitín. D'fhéadfadh sé tarlú go raibh an Cigire seo thar a bheith díograiseach i mbailiú na bhfineálacha, go háirithe nuair a bhí poilíní máil (excise police) in éineacht leis anois. Seo an liosta de na stiléirí i gceantar Ros Goill a thug isteach a gcuid treallamh chuig oifigigh máil timpeall an ama sin. Tá sé deacair a thuiscint go dtug daoine suas a gcuid treallamh ach bhí amanna ann ar thug daoine isteach treallamh, seantreallamh a bhí as úsáid, chuig oifigigh máil, gheobhadh siad luach an treallaimh ón mháil agus ansin d'imeodh siad agus cheannódh siad trealamh úr.

Rinneadh seo, dar ndóigh, le dallamullóg a chur ar oifigigh máil. Stileanna, Caipíní agus Worms a thug siad seo leanas isteach sa bhliain 1819.

Tá sé deacair a bheith cinnte in amanna an féidir glacadh leis go raibh an fhírinne glan a insint ag na cigirí máil maidir le deathoradh a gcuid oibre nó an seift a bhí ann a bheith ag cur leis na figiúirí le pictiúr dearfach a chur i láthair na n-údarás

| 1819 | Ainmneacha Úinéirí | Paróiste | Baile Fearainn | Stil | Caipín | Worm |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Feabhrá 22 | John Mc Elhare ( Carr) | Míobhaigh | Ard Bán | 3 | 3 | 3 |
| Feabhrá 22 | John Mc Bride | Míobhaigh | Ailt a' Chaorthainn | 1 | 1 | --- |
| Feabhrá 23 | James Boyce | Míobhaigh | Dumhaigh | 1 | 1 | 1 |
| " | James Boyce | " | Meall Mór | 2 | 2 | 1 |
| " | James Boyce | " | Cluain tSaileach. | 1 | 1 | --- ← |
| " | James Nogher?? | " | Carrick | 1 | - | 1 |
| " | C. Coyle | " | Tír Leathan | 1 | 1 | 1 |
| " | M. Sheils | " | Doire a Chasain. | 1 | 1 | 1 |
| " | J. Mc Clafferty | " | Doire a Chasáin | 1 | 1 | 1 |
| " | John Coyle | " | Cloigeann | 1 | 1 | 1 |
| " | D. Mc Fadden | " | Tír Leathan | 1 | 1 | 1 |
| Márta 22 | H. Sheils | " | Doire a' Chasáin | 3 | 2 | 1 |
| " | A Sheils | " | Dún Duáin. | 2 | 2 | 2 |
| Márta 24 | A Mc Elhare (Carr) | " | Strachan ? | 1 | 2 | --- |
| " | M. Coll | " | Droim na Móna | 1 | 1 | 1 |
| " | Denis Doherty | " | Glassán | 1 | 1 | 1 |

Caithfear a chur san áireamh anseo go raibh leas dílsithe ( vested interest) ag leithéidí na nOifigeach Máil agus ag Poilíní Máil, ba seo a gcuid postanna agus bhí sé tábhachtach go mbeifí ag cur pictiúr dearfach os comhair na n-údarás; ansin bhí na stiléirí dleathach a mheas nach raibh na hoifigigh ná na poilíní máil ag déanamh a ndotháin le driogaireacht mhídhleathach a chur faoi chois. Bhí siadsan thar a bheith diúltach, agus iad i mbun fianaise, faoi obair na bpóilíní máil.

Dar ndóigh bhí an Eaglais Chaitliceach go láidir in éadan dhéanamh poitín agus cha dtiocfadh le sagart maithiúnas a thabhairt do dhuine ar bith a bhí ag déanamh poitín; chaithfeadh an té a bhí ag déanamh poitín a dhul chun faoisdine chuig an Easpag. Níl scéal ná fianaise ar bith againn go ndeachaigh mórán de lucht dhéanamh an phoitín chun faoisidine chuig an Easpag, bheadh sé deacair a shamhlú. Ach tá fhios agam faoi fhear amháin as Dumhaigh a chuaigh chuig an Easpag lena chuid faoisdine a dhéanamh agus dar ndóigh mar a bheifeá ag súil char inis sé do dhuine ar bith faoina ghnoithe ná cha raibh sé ag iarraidh go bhfaigheadh duine ar bith amach cá raibh sé. Ach a luaithe agus a bhí sé istigh i dTeach an Easpaig cé a bhí ina shuí roimhe le dhul chun faoisdine fosta ach fear eile as an cheantar a raibh aithne mhaith aige air. Agus bhí scéal eile fán cheantar fosta a bhain leis an tréimhse sin, seo scaifte d'fhir as an cheantar a bhí ag déanamh poitín go rialta. Bhí an t-iomrá amuigh go raibh sagart ar an Tearmainn a bhí sásta maithiúnas a thabhairt do dhaoine a bhí ag déanamh poitín. Shocraigh ceathrar nó cúigear acu an turas a dhéanamh go dtí an Tearmann tráthnóna na faoisidine. Tharraing siad fadóga go bhfeicfeadh siad cé a rachadh isteach a chéaduair agus thit sé ar chrann dhuine de na Gallchóirigh fáil amach cé acu fíor nó bréagach a bhí an scéal fán tsagart. Chuaigh Ó Gallchóir isteach lena fhaoisidin a dhéanamh agus nuair a tháinig sé amach bhailigh an mhuintir eile thart air le fáil amach cad é mar fuair sé ar aghaidh. Dhiúltaigh sé labhairt leo, dúirt sé nach dtiocfadh leis cibé a chuaigh ar aghaidh i mbosca na faoisdine a sceitheadh! Bhuail eagla an mhuintir eile agus phill siad ar an bhaile agus gan iad a dhath níb eolaí cé acu bhí an sagart ag tabhairt maithiúnais do stiléirí nó nach raibh. Tá mé cinnte go raibh neart sagart agus leoga easpaig fosta a bhain lán sásamh as cúpla leathcheann poitín.

Ach bhí sagairt ann a labhair agus a bhí gníomhach ina choinne agus leoga bhí siadsan le fáil i gceantar Ros Goill. Dar ndóigh, más fíor an méid a bhí le rá san 'Ordnance Memoirs' bhí sé de fhreagracht mhorálta orthu seo a dhéanamh mar go raibh an poitín ag cur saol na ndaoine bun os cionn.

Sa bhliain 1814 bhí meáncheannaí (middleman) i Ros Goill darbh ainm Charles Faucett, fear a raibh neart tionóntaithe aige sa cheantar agus thug an tAth. Pádraig Mac Eiteagáin cuidiú don fhear seo deich stil as an pharóiste a ghabháil agus a dhíol. Tugadh luach na stileanna ar ais do na húinéirí. Níl mé cinnte caidé an meas a bhí ar an sagart ina dhiaidh sin ach is cinnte go raibh Faucett ag fulaingt de thairbhe na bhfineálacha baile agus bheadh sé go mór i bhfáth le déanamh an phoitín a chur faoi chois. Thug Jasper John Barry, a bhí ina chigire ar na póilíní máil ag an am i gCarraig Airt fianaise do Roghchoiste Theach na dTiarnaí mí Iúil 1853 agus seo an méid a bhí le rá aige faoin sagart paróiste An tAth James Ó Gallchóir:

' In the parish in which I reside at the present moment, I was stationed in the year of the distress,1846, and the illicit distillation was totally put down by the priest: I may give him the whole credit for that. I do not think there was a still at work that year: he in the presence of his congregation, standing at the altar, told them, that if he found out anything of the kind he would give information to me; and he appointed persons in each townland for the purpose of giving this information: he spoke in the strongest terms to them, requiring them to do so'.

Ach tuigtear gurb é an chúis a bhí le seo ná go rabhas ag milleadh eorna, a bhí mar ábhar bidh, le linn tréimhse ina raibh daoine ar an ocras. Rinneadh iarrachtaí tréana déanamh an phoitín a chur faoi chois ach cha raibh na poilíní máil ná an RIC ag tarraingt lena chéile. Thiocfaí a rá go raibh gráin an diabhail ag an RIC do na póilíní máil ach sin scéal do lá eile.

# An Amy Jane 11.



Ag tarraingt isteach ar ché na nDúnaibh.

Ní raibh a dhath le cloisteáil le roinnt blianta anuas ach 'géarchéim' agus 'ciorraithe' agus 'gearradh siar' agus 'ganntanas' agus 'páirt-aimseartha' agus dólás, gruaim agus amhras in achan áit a d'amharcfá. Ach ansin tchím an ghrian ag gobadh amach fríd na néalta dorcha, an lagsprid ag trá agus agus dólas a bhriseadh? Caidé faoi a bhfuil mé ag tagairt? Tá mé ag tagairt den Amy Jane 11, bád úr Chomhlacht Mhic Giolla Bhríde a shroich céidh na nDúnaibh ar na mallaibh. Is breá an soitheach é, 20 méadar ar fhad agus é péinteáilte gorm agus geal bán san úras.

Ba le Henry Gaughan í ar dtús faoin ainm an Áine Patricia agus bhí sí ina luí sna Cealla Beaga ar feadh dhá bhliain go leith sular cheannaigh muintir Mhic Giolla Bhríde í. Ansin tugadh isteach i nduga tirim Bhádchlós Uí Mhaonaigh í le holl-chóiriú a dhéanamh uirthi i mí na Samhna 's chuaigh thart. Tá sí chun áit an sean-Amy Jane 11 a ghlacaint

Chuaigh sise go tóin na farraige amach ó chósta




Chionn Mhálanna i mí Dheireadh Fómhair na bliana 2011 ach, go hádhmharach, rinneadh tarrtháil ar an seisear de chriú ag an am.

Rinneadh athchóiriú iomlán ar an phríomh-inneal le líneáilí loiní nua (head piston liners) curtha in áit. Baineadh an Giarbhocsa Dhá Ghiar 5170 DC amach aisti agus cuireadh go MIT é san Ríocht Aontaithe chun é a ath-thógáil. Tógadh amach an dá inneal chúntacha (auxiliary engines) agus rinneadh iad a ath-thógáil san úras sular cuireadh isteach arís iad.

Rinneadh amhlaidh leis an córas aeraithe (ventilation system), an córas sceite (exhaust system), an córas hiodrálaice (hydraulics system) agus na córais leictreacha agus leictreonacha ar fud an bháid. Rinneadh athnuachán ar na tonnadóirí (funnels) agus na dabhcha Vivier chomh maith. I bhfocla eile, is beag cearnóg den bhád nach ndeachaigh faoi chóiriú nó ath-thógáil de chineál amháin nó de chineal eile.

Is breá an radharc an Amy Jane 11 a fheiceáil ag tarraingt ar ché na nDúnaibh lena lasta crubógaí agus an fhoireann ag tnúth go mór leis an sos oibre óna saothar ar bharr na dtonn agus sos a bhíonn tuillte go mór acu. Agus is deas go bhfuil an cabhlach iomlán ar ais arís ag Comhlacht Mhic Giolla Bhríde agus iad i mbun oibre, bíodh sin thart ar chósta na hÉireann nó ar chósta na Danmhairge agus guíonn muid uilig gach rath ar a gcuid saothar sa todhchaí

### Trasna na dTonnta

Trasna na dtonnta, dul siar, dul siar
Slán leis an uaigneas 'is slán leis an gcian
Geal é mo chroí, agus geal í an ghrian,
Geal a bheith ag filleadh go hÉirinn !

1

Chonaic mo dhóthain de thíortha i gcéin,
Ór agus airgead, saibhreas an tsaoil ,
Éiríonn an croí 'nam le breacadh gach lae
'S mé druidim le dúthaigh mo mhuintir !

Údarás na Gaeltachta

An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta
Department of Arts, Heritage and the Gaeltacht

AN COMHLACHAS NÁISIÚNTA DRÁMAÍOCHTA
Camas, Conamara.
Teil: 091-574146 / Facs: 091-574155
eolas@drama-gaeilge.com www.drama-gaeilge.com